Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7427/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0404(COD)**

**CODEC 471**
**MIGR 86**
**JAI 365**
**ASIM 22**
**SOC 162**
**EMPL 71**
**EDUC 88**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear linn tallainne an Aontais Eorpaigh **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 15 Samhain 2023, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 79(2), pointe (a), CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim uaidh an 9 Eanáir 2024[2].

3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 25 Aibreán 2024[3].

4. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus chinn sé gan tuairim a thabhairt uaidh.

[1] 15550/23 + ADD 1 go ADD 5.
[2] https://www.edps.europa.eu/system/files/2024-01/24-01-09_opinion_regulation_eu_talent_pool_en.pdf
[3] IO C, C/2024/4067, 12.7.2024, ELI:http://data.europa.eu/eli/C/2024/4067/oj.

5. An 10 Márta 2026, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún[4]. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle.

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle[5] an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE–CONS 62/25 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Ungáir agus an Ísiltír ag staonadh ón vótáil.

7. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ón gcruinniú den Chomhairle san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

8. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar an gníomh reachtach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[4] 7299/26.

[5] I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.